

Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Na Ciorcail Ghaeilge ar ais ag caint!

Tar éis bhriseadh an tsamhraidh tá na Ciorcail Ghaeilge ar ais i mbun cainte i gCeatharlach. Tiocfaidh Gaeilge le Chéile ar ais an tseachtain seo. Baileoidh an grúpa le chéile i dteach tábhairne Reddys, Sráid na Tulaí, ar an Déardaoin, 3ú Meán Fómhair ag 9.00i.n. agus ar an gcéad Déardaoin de gach mí ina dhiaidh sin.

Cuirfear tús le ciorcal na maidine "Is Leor Beirt" an tseachtain seo chugainn. Baileoidh an grúpa le chéile i Músaem Cheatharlach, Sráid an Choláiste ar an gCéadaoin, 9ú Meán Fómhair ag 10.30r.n. ar feadh uair a chloig áit a chuirfear tae agus caife na maidine ar fáil chomh maith. Agus ar ndóigh beidh i bhfad níos mó ná beirt i láthair ag an gCiorcal seo gach maidin Céadaoin i rith an téarma.

Tugann na ciorcail chomhrá deiseanna do chainteoirí agus d'fhoghlaimoirí na teanga teacht le chéile go rialta chun Gaeilge a labhairt go sóisialta. Is bealach an-mhaith iad na ciorcail chomhrá chun áit chomhordach a sholáthar agus labhairt na Gaeilge go neam-



hfhoirmiúil a spreagadh. Ní bhíonn brú ar éinne freastal ach amháin nuair a oireann sé dóibh agus cuirtear fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Níl aon táille le n-íoc. Mar sin bí ann agus bain triail as Ciorcal Gaeilge éigin an téarma seo.

Gluais: ciorcail comhrá i láthair ar ndóigh deiseanna freastal buail isteach

Glossary: circles conversation present of course opportunities attend drop in

Eolaithe óga ag teastáil ó TG4

Tá an comhlacht teilifíse Meangadh Fíbin ag lorg 'eolaithe óga' a bhfuil Gaeilge líofa acu le páirt a ghlacadh i gclár nua spraiúil. Tá daoine óga á gcuardach chun páirt a ghlacadh i sraith nua eolaíochta a chraolfar ar TG4 go luath in 2016. Daoine a bhfuil suim faoi leith acu san eolaíocht agus a bhainfeadh sult as a bheith páirteach atá á lorg ag an gcomhlacht.

Caithfidh na heolaithe óga seo a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge, idir deich mbliana agus dhá bhliain déag d'aois, gealgháireach agus cairdiúil. Dhá lá taifeadta an duine a bheidh i gceist ar a mhéad agus ní mór do dhaoine a fhreastalóidh ar an taifeadadh bheith i dteannta tuismitheora nó caomhnóra.

Cuirfear lóistín ar fáil do chách. Le go mbeidís san áireamh chun freastal ar an taifeadadh sin, ní foláir do na daoine óga fiseán gearr a dhéanamh díobh féin agus é a chur ar aghaidh chuig an gcomhlacht léirithe.

Dúirt léiritheoir na sraithe nua, Siobhán Ní Bhrádaigh, "Tá an-chur amach ag daoine óga na linne seo ar shaol na teicneolaíochta. Beidh sé sin á cheiliúradh againn sa tsraith ach tá sé mar phríomhaidhm againn daoine óga a tharraingt ar ais i dtreo na mbunphrionsabal eolaíochta; ábhair



a láimhseáil, ábhair a dhearadh, triail a bhaint as turgnamh agus an timpeallacht mórthimpeall orthu a fhiosrú".

Ní foláir fiseán a sheoladh gan mhoill ar ríomhphost chuig meangadh@gmail.com agus tá iarrtha ag Meangadh Fíbin go ndéanfadh duine fásta maoirseacht ar gach iarratas ríomhpoist.

Gluais: eolaithe líofa ag cuardach sraith spraiúil fiseán turgnamh léiritheoir maoirseacht

Glossary: scientists fluent seeking series amusing video experiment producer superviso

Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge

De réir tuarascáil nua ón ESRI, a choimisiúnaigh Foras na Gaeilge, thug 67% de na daoine a ghlac páirt i bpopalbhreith náisiúnta le fios go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge agus dúirt 45% de rannpháirtithe an tsuirbhé i dTuaisceart Éireann amhlaidh. Dúirt 57% de lucht na bhfreagraí ó dheas agus 17% de lucht na bhfreagraí ó thuaidh go raibh líofacht éigin sa Ghaeilge acu féin.

De réir na tuarascála dar teideal 'Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge', mheas ceathrar as gach cúigear duine fásta sa Phoblacht

Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge

Lúnasa 2015

gur cheart an teanga a bheith ar fáil mar ábhar scoile. Mheas 53% de dhaoine ó dheas gur chóir don Rialtas deimhin a dhéanamh de go mbíonn an Ghaeilge á múineadh "go maith" sna scoileanna. Thug

móramh le fios gur cheart Gaelscoileanna a bhunú in áiteanna a bhfuil éileamh orthu.

Gluais:	Glossary:
dearcadh	attitude
dearfa	positive
tuarascáil	report
popalbhreith	opinion poll
suirbhé	survey
rannpháirtithe	the participants
suirbhé	survey
amhlaidh	likewise
ábhar	subject
móramh	attitude
éileamh	demand



Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim an fómhar seo?

Le críoch an tsamhraidh buailte linn agus míonna an fhómhair agus an gheimhridh ag síneadh amach romhainn, is iomaí duine atá ag smaoinemh ar chlárú do chúrsa oíche. Céard faoi Ghaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar an nGaeilge atá agat? Tá an-áthas ar Ghlor Cheatharlach a fhógairt go mbeidh Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ar siúl arís i mbliana. Is í seo an t-ochtó bliain de na cúrsaí áirithe seo eagraithe i gCeatharlach i gcomhar le Gaelchultúr Teo.

Tosnóidh na ranganna an tseachtain dar tús 21ú Meán Fómhair agus beidh rang ar oíche amháin sa tseachtain ar feadh deich seachtaine. Mar is gnáthach cuirfear cúrsaí ar fáil ag bun agus meán leibhéal ag braith ar an

éileamh. Is ar an Luan a bheidh an bun-chúrsa ar siúl agus beidh na ranganna ag meán leibhéal ar an Mháirt. Táille €180 atá ar na cúrsaí agus beidh na ranganna go léir ar siúl ó 7.00-9.00i.n. in Oifigí Chomhairle Chontae Ceatharlach ar Bhóthar Átha Í.

Daoine ar mhian leo freastal ar chúrsa agus nach bhfuil cinnte cén leibhéal is fearr a d'oirfeadh dóibh is féidir leo an 'Triail Ghaeilge ar Líne' atá ar fáil saor in aisce ar shuíomh idirlín an chomhlachta www.gaelchultur.com a dhéanamh.

Tá sonraí uile na gcúrsaí éagsúla ar fáil as an suíomh dátheangach céanna. Tá clárú oscailte anois ar líne nó trí ghlaoch a chur ar 1890 252 900.

Is féidir gach eolas a fháil

freisin ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047, 087 2857048 nó scríobh chuig emma@glorcheatharlach.ie. Séasúr nua, tús nua agus cúrsa nua. Más mian leat Gaeilge a fhoghlaim nó cur leis an méid den teanga atá agat cheana féin, bí linn agus fáilte an fómhar seo.

Gluais:	Glossary:
míonna	months
iomaí	many
ag síneadh	stretching
leibhéal	level
táille	fee
éileamh	demand
clárú	registration
ar líne	on line
dátheangach	bilingual
sonraí	details
séasúr	season